C/2026/5559

3.11.2026

# Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a shimpliú agus soláthar slándála agus cosanta a shimpliú

(C/2026/5559)

Aithníonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a phráinní atá sé meon ullmhachta cosanta a bhunú san Aontas Eorpach agus dlús cinntitheach a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa faoi 2030. Meabhraíonn siad gur freagairt láithreach é an Omnibus V um Ullmhacht Cosanta ar an ngá práinneach sin trí nósanna imeachta a shimpliú agus ualaí riaracháin a laghdú i gcreat rialála an Aontais, rud a chuireann ar a gcumas do na Ballstáit ullmhacht cosanta a bhaint amach faoi 2030.

Cuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i dtábhacht a thábhachtaí atá sé gach beart iomchuí a dhéanamh chun BTTCE a neartú agus a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus a thábhachtaí atá sé deireadh a chur le scrogaill ionas go mbeidh na próisis soláthair in ann dul ar aghaidh ar bhealach níos tapúla agus níos solúbtha, lena dtacaítear, dá bhrí sin, le spriocanna cumais a bhaint amach agus an acmhainneacht táirgeachta ar fud shlabhraí luacha thionscal cosanta an Aontais a mhéadú. Cuireann siad i bhfáth freisin a thábhachtaí atá margadh Eorpach dea-fheidhmiúil do tháirgí cosanta ar fud an Aontais, lena n-áirítear rochtain trasteorann laistigh den Aontas ar shlabhraí soláthair cosanta agus aistrithe táirgí cosanta laistigh den Aontas.

Aithníonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go bhfuil gá le hiarrachtaí sa bhreis chun Ullmhacht Cosanta a bhaint amach faoi 2030. Iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, breithniú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar aon tionscnaimh bhreise is gá a chur ar aghaidh a luaithe is féidir chun BTTCE a neartú agus ullmhacht cosanta a chothú. Cuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i bhfáth gur gá feabhas a chur ar uathriail straitéiseach agus cumas an Aontais freagairt do dhúshláin slándála atá ag teacht chun cinn.

Chun na críche sin, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir le simplithe tábhachtacha le haghaidh aistrithe trealaimh mhíleata agus soláthairtí cosanta laistigh den Aontas le haghaidh an Omnibus V um Ullmhacht Cosanta. An tráth céanna, aithníonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go bhfuil tuairimí éagsúla ann maidir leis an ngá atá le critéir incháilitheachta shonracha a áireamh i gcomhthéacs sholáthar na cosanta agus i gcomhthéacs na hionstraime chun cur chun feidhme comhchuibhithe na nósanna imeachta simpliúcháin maidir le haistriú a bhaint amach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

Faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le soláthar cosanta, ba cheart forbairtí breise a bheith bunaithe ar mheasúnú tionchair ina ndéanfaí meastóireacht, *inter alia*, ar na héifeachtaí ar riachtanais shonracha an tsoláthair cosanta agus an tsoláthair slándála íogair, ar an ualach riaracháin, ar an ngá atá le slándáil fheabhsaithe soláthair agus ar éifeachtaí na mbeart chun soláthar ó BTTCE a spreagadh. Faoi chuimsiú na meastóireachta ar an Treoir maidir le haistrithe laistigh den Aontas, ba cheart é a bheith d'aidhm ag forbairtí a dhéanfar sa todhchaí aistrithe táirgí cosanta a shimpliú tuilleadh, aghaidh a thabhairt ar scrogaill agus an margadh Eorpach le haghaidh trealamh cosanta ar fud an Aontais a neartú. Ba cheart freagrachtaí náisiúnta sna tionscnamh uile i réimse an tsoláthair cosanta agus an aistrithe laistigh den Aontas a chur san áireamh.

Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle dá réir sin, scrúdú agus measúnú a dhéanamh gan mhoill agus de mheon an chomhair dhílis fhrithpháirtigh ar an ngá atá le haon tionscnaimh den sórt sin, gan dochar do lánrogha reachtach na gcomhreachtóirí ar bhonn an mheasúnaithe ar thoradh na scrúduithe sin.